

# Plean Athnuachana Baile Ár mBaile Brigín 2025-2030 Achoimre Fheidhmeach



# Réamhrá



An Dr David Begg,  
Cathaoirleach Ghrúpa  
Ceannaireachta Bhaile Brigín

Leagtar amach i bPlean Athnuachana Baile Bhaile Brigín 2025-2030 creat uailmhianach le haghaidh leas a bhaint as buntáistí eacnamaíocha, fisiciúla, comhshaoil agus daonna an bhaile agus le haghaidh cáilíocht beatha den scoth a chumasú do gach áitritheoir.

Grúpa Ceannaireachta Bhaile Brigín, a dhéanann ionadaíocht do chomhpháirtithe poiblí, príobháideacha agus sóisialta agus do chomhaltaí tofa áitiúla, déanfaidh sé formhaoirseacht agus maoirseacht chomhoibríoch ar chur chun feidhme an phlean.

Ar aon dul leis an dea-chleachtas, b'amhlaidh, i mí Eanáir 2024, a chuir an Grúpa Ceannaireachta tús le hathbhreithniú ar an dul chun cinn ar an bPlean Socheacnamaíoch (2019-2025) uaidh a glacadh roimhe seo. Mar chuid den phróiseas, cuireadh fáilte roimh an Dr David Begg mar Chathaoirleach nuacheaptha Ghrúpa Ceannaireachta Bhaile Brigín tar éis don Ollamh Brian MacCraith éirí as. Bhí an tOllamh MacCraith i gceannas ar obair Chlár Athnuachana Ár mBaile Brigín ó cheapadh an chlár i mí Aibreáin 2018 i leith.

Is féidir leat an dul chun cinn ar an bplean a leanúint agus páirt a ghlacadh ann trí aon cheann de chainéil meán sóisialta Ár mBaile Brigín, trí na blaganna ar [balbriggan.ie](http://balbriggan.ie) nó trí phostáil faoi do bhaile agus an haischlib [#ourbalbriggan](https://twitter.com/ourbalbriggan) á húsáid.

Chun Plean Athnuachana Ár mBaile Brigín 2025-2030 a íoslódáil, téigh chuig [www.balbriggan.ie](http://www.balbriggan.ie). Tá tacar cuimsitheach pleananna agus gníomhartha socheacnamaíocha ar áireamh sa leagan iomlán.



# Roinnt Príomhfhiricí agus Príomhfhigiúirí

TÁ BAILE BRIGÍN AR CHEANN DE NA BAILTE IS GASTA FÁS IN ÉIRINN

Tháinig méadú **12.5%** ar dhaonra Bhaile Brigín idir na blianta 2016 agus 2022, agus **2,600** duine breise ag cur fúthu sa bhaile.

**FIGIÚR ROLLÚCHÁIN I MBAILE BRIGÍN: BUNSCOILEANNA AGUS MEÁNSCOILEANNA**

**3101** BUNSCOILEANNA

**4212** MEÁNSCOILEANNA

Foinse: An Roinn Oideachais, figiúirí rollúcháin 2024-2025.

IS É BAILE BRIGÍN AN BAILE IS ÓIGE AGUS IS ÉAGSÚLA IN ÉIRINN

Tá triúr AS GACH **deichniúr**

I MBAILE BRIGÍN FAOI BHUN 18 MBLIANA D'AOIS.

**DAONÁIREAMH 2022**

Bhí **49** mbaile in Éirinn a raibh daonra os cionn 10,000 duine acu. Ba é Baile Brigín an baile mór is óige sa tír, agus a chónaitheoirí **33.6** bliain d'aois ar an meán.

**LEANAÍ AGUS DÉAGÓIRÍ** (0-17 bliain) a bhí i 8,338 nduine nó i

**32.9%**

de dhaonra Bhaile Brigín i nDaonáireamh 2022.

# An Comhthéacs Áitiúil

- Dar le Daonáireamh 2022, is ionann daonra an bhaile agus 24,322 dhuine. Idir na blianta 1991 agus 2022, tháinig méadú 215% ar an daonra. Tá stair shaibhir mhuirí agus monaraíochta ag an mbaile, agus tá cuideachtaí áitiúla agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Techcrete, Wavin agus Bridgestone, ag freastal go maith air. Tá Oifig Náisiúnta na bPasanna suite sa limistéar freisin. Tá Baile Brigín ina láthair tharraingteach freisin do ghnólachtaí agraibhia agus dáileacháin aitheanta amhail Fyffes agus Country Crest.
- Tá Baile Brigín suite go straitéiseach i gConair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste, agus tá sé gar do mhoil mhóra lóistíochta freisin. Tá sé suite díreach lastuaidh d'Aerfort Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, arbh ionann a thréachur sa bhliain 2022 agus 28.1 milliún paisinéir. Tá sé gar do Chalafoirt Bhaile Átha Cliath freisin, arbh ionann a thréachur sa bhliain 2022 agus 36.7 milliún olltonna agus 7,473 long. Is suite lastuaidh de Bhaile Brigín agus amach ó mhótarbhealach an M1 idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste atá calafort tráchtála Dhroichead Átha, a láimhseálann breis agus 1 mhilliún tonna lasta agus coimeádán gach bliain.
- Ba é Baile Brigín an chéad bhaile in Éirinn a ainmníodh mar Cheantar Cliste mar gheall ar a dhaonra atá ag fás, atá óg agus atá éagsúil ó thaobh cultúir de. Tá sé mar aidhm le Baile Brigín Cliste a chinntiú go mbainfidh Baile Brigín leas as tionscnaimh 'chliste' agus 'dhigiteacha', agus beidh sé mar phríomhdhírú leis feabhas a chur ar an saol pobail, tacú le deiseanna eacnamaíocha, agus nuálaíocht a bhrú chun cinn trí roinnt tionscadail ceantair chliste.

## AN BAILE IS ÓIGE IN ÉIRINN

**33.6** MEÁNAOIS AN DAONRA

(DAONÁIREAMH 2022)

## DAONRA

**24,322**

(DAONÁIREAMH 2022)

## ÉAGSÚIL Ó THAOBH EITNEACHTA DE

**30%** AN CÉATADÁN DEN DAONRA A RUGADH LASMUIGH D'ÉIRINN

(DAONÁIREAMH 2022)



## PLEAN ATHNUACHANA ÁR MBAILE BRIGÍN 2025-2030

# Grúpaí Colúin

## 01

### Forbairt Eacnamaíoch

16 Ghníomh

#### Cuspóir Ardleibhéil

Geilleagar áitiúil níos láidre, níos beoga agus níos rachmasaí a fhorbairt. Deiseanna nua a phleanáil, a éascú agus a chur chun feidhme, ar deiseanna iad lena spreagfar infheistíocht agus cruthú post agus gnólachtaí áitiúla láidre, agus Baile Brigín á shuíomh mar phríomhcheann scríbe gnó.

#### Téamaí

- › Leas a Bhaint as Athghiniúint
- › Lárionad Réigiúnach
- › Infheistíocht a Chur Chun Cinn
- › Éiceachóras Fiontraíochta

## 02

### Forbairt Pobail

14 Ghníomh

#### Cuspóir Ardleibhéil

Leanúint de phobal uailmhianach, muiníneach, sábháilte agus ionchuimsitheach a dhéanamh de Bhaile Brigín, áit ar féidir le gach duine a lánacmhainneacht a bhaint amach. Pleanáil, éascú agus comhoibriú a dhéanamh le haghaidh seirbhísí a fhorbairt, agus comhoibriú idirghníomhaireachta a fheabhsú chun iad sin a sholáthar.

#### Téamaí

- › Tacaíocht Teaghlaigh agus na Luathbhlianta
- › An Óige
- › Lánpháirtíocht agus Ionchuimsiú

## 03

### Oideachas, Scileanna agus Oiliúint

13 Ghníomh

#### Cuspóir Ardleibhéil

An rochtain agus an fháil ar raon leathan deiseanna oideachais, scileanna agus oiliúna ar ardchaighdeán a mhéadú. Pleanáil, éascú agus comhoibriú a dhéanamh le haghaidh seirbhísí agus tionscnaimh atá ann cheana agus atá nua a fhorbairt, agus comhoibriú idirghníomhaireachta a fheabhsú chun iad sin a sholáthar.

#### Téamaí

- › An tOideachas
- › Scileanna Oiliúna
- › Conairí don Todhchaí a Thógáil

## 04

### Inbhuanaitheacht, Gníomhú ar son na hAeráide, agus Bithéagsúlacht

15 Ghníomh

#### Cuspóir Ardleibhéil

Pleanáil agus comhoibriú a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt le haghaidh forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí agus tionscnaimh lena gcruthófar spás don dúlra agus don tsláinte, lena laghdófar ár lorg carbóin, agus lena ligfear don bhithéagsúlacht dul faoi bhláth, agus sráideanna agus spásanna oscailte agus an comhshaol i gcoitinne á n-athbheochan ag an am céanna.

#### Téamaí

- › Gníomhú ar son na hAeráide
- › An Comhshaol agus Bithéagsúlacht
- › Soghluaisteacht Inbhuanaithe

# Ríocht Phoiblí Athnuachana Ár mBaile Brigín

LE TACAÍOCHT ÓN GCISTE UM ATHGHINIÚINT AGUS FORBAIRT UIRBEACH AGUS Ó CHOMHAIRLE  
CONTAE FHINE GALL

2026

1

## BUNATHRÚ SHRÁID NA CÉ, AN CHUAIN AGUS AN CHEANTAIR MÁGUAIRD

Déanfar Sráid na Cé, an Cuan agus an ceantar máguaird, agus iad uile athnuaithe, a bhunathrú ina spás ilchuspóireach a thacaíonn le teaghlaigh, agus athchóiriú oidhreacht ar Theach Bád Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrhála (RNLI), ar fhoirgnimh Phaillíun an Chuain, ar na Leithris Phoiblí agus ar na Bothanna ag gabháil leis sin.

Le hoibreacha Ríochta Poiblí ar an dá thaobh dá tharbhealach iocónach, athshaineofar Cuan, Trá agus Líne Chósta Bhaile Brigín, agus taitneamhacht poiblí den scoth á cruthú dá réir. Cruthófar áit ina roghnóidh daoine teacht le chéile agus fanacht agus taitneamh a bhaint as eispéireas barántúil cuain bhig iascaireachta oibre, áit a mbeidh radhairc amach ar thrá álainn agus a mbeidh nasc leis an bpríomhshráid agus le deiseanna fóillíochta, cultúrtha agus turasóireachta eile.

2027

2

## 2 - 4 SRÁID BHAILE ÁTHA CLIATH - MOL CRUTHAITHEACH

Leis an bhforbairt, soláthrófar spás poiblí tiomnaithe le haghaidh na n-ealaíon, an chultúir agus na nuálaíochta. Beidh stiúideoanna ealaíontóirí, saoráidí foghlama digití, limistéir cheardlainne agus gailearaí ar áireamh léi. Is déanmhas cosanta é Uimh. 2 Sráid Bhaile Átha Cliath agus forbrófar é i gcomhréir leis an dea-chleachtas caomhantais, agus ocht stiúideo ealaíne istigh ann. Beidh spásanna ceardlainne, oiliúna agus foghlama digití ilmheán ar áireamh in Uimh. 4 Sráid Bhaile Átha Cliath, mar aon le clós seachtrach mūrtha ina mbeidh spás ilfheidhmeach a bheidh oiriúnach do ghailearaí, do shuiteálacha agus d'imeachtaí, rud lena neartófar croílár poiblí, cathartha agus cruthaitheach an bhaile.

2028

3

## DE BRUNS (6A - 14 SRÁID AN DROICHID, PÁIRC NA LINNE MUILINN - CONAIR GHLAS)

Agus é lonnaithe i lár an bhaile i Limistéar Caomhantais Ailtireachta, caomhnófar an aghaidh thosaigh. Leis an dearadh éiritheach, coinnítear lorg bunaidh na bhfoirgneamh, agus éadanas amach ar an bpríomhshráid, rochtain agus ardán os comhair an fhoirgnimh agus ar a chúl amach ar spás glas agus ar Abhainn na Raithní Móire, mar aon le cuspóirí tráchtála agus/nó cuspóirí eile ar an urlár uachtarach/na hurláir uachtaracha. Páirc ghlas líneach ar chúl an fhoirgnimh mar a bhfuil rochtain do choisithe agus do rothaithe agus ag a bhfuil nasc le Páirc na Linne Muilinn agus le Sráid an Droichid (an Phríomhshráid), i dtreo Shráid na Cé, Chearnóg an Chuain, na trá agus na líne cósta atá athnuaithe.

2029

4

## ARDÁN SNÁMHA TAOIDE

### Teach Folctha agus Teach Bád

Cuireadh tús le hathchóiriú, oiriúnú agus athúsáid an Tí Folctha agus an Tí Bád stairiúil, agus áireofar leis an scéim chríochnaithe uasghráduithe ar an ríocht poiblí láithreach, inrochtaineacht fheabhsaithe, agus gníomhaíochtaí pobail agus uiscebhunaithe ag an suíomh seo.

### Inrochtaineacht agus taitneamhachtaí feabhsaithe cósta

Cuireadh tús le huasghráduithe bonneagair agus le feabhsuithe inrochtaineachta ag Trá Thosaigh Bhaile Brigín. Críochnaíodh scáthlán snámha agus cithfolcadán, rampa agus ráillí inrochtaineachta, céimeanna agus spás taitneamhachta feabhsaithe sa tréimhse 2024-25. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar roghanna deartha maidir le cosán oiriúnach a shuiteáil chun rochtain ar an trá a fheabhsú ón Tarbhealach/Sráid na Cé agus ó phromanáid na mBruach.

### Ardán Snámha Taoide

Críochnaíodh staidéar indéantachta agus dearáí coincheapa luathchéime le haghaidh limistéar ardán snámha (taoide) lasmuigh.

2030

5

## SRÁID AN IARNRÓID, AN STÁISIÚN AGUS AN PLÁS

Le limistéar athbheoite Shráid an Iarnróid, an Stáisiúin agus an Phláis, cinnteofar nascacht níos fearr idir an trá thosaigh, Sráid na Cé agus pointí isteach agus amach ag an stáisiún. Mar thoradh ar fheabhsuithe fairsinge ar an sráid-dreach, ar chomharthaíocht, ar ghlasú agus ar an ríocht poiblí, beidh níos mó beochta agus coisithe ann sa suíomh lárnach stairiúil seo.

# Comhairle Contae Fhine Gall

PLEAN INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

2025

6

## BEALACH COISITHE AGUS ROTHÁIOCHTA ANRAÍ MHIC RAGHNAILL

Is críochnaithe atá nasc coisithe agus rotháiochta idir Sráid Dhroichead Átha agus Bóthar Hamilton, lena bhfreastalaítear ar thri champas scoile ag Ardgillan Community College, ag St. Molaga's NS agus ag Balbriggan Educate Together National School, chomh maith le siopaí, saoráidí cúram leanaí agus taitneamhachtaí pobail amhail Páirc na Linne Muilinn agus Ionad Pobail Bhaile an Phléimeannaigh. Chistigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an bealach seo agus is uasghrádú suntasach ar an nascacht agus ar an taisteal gníomhach i mBaile Brigín é.

2025

7

## CARRCHLÓS BHÓTHAR NA BHFOLCADÁN, CARRCHLÓS PÁIRCEÁLA BREISE BHÓTHAR NA BHFOLCADÁN AGUS CARRCHLÓS CHAISLEÁN BHRÍ MHÓR

Is críochnaithe atá tógáil trí charrchlós atá suite laistigh de thuras 10-15 nóiméad de shiúl na gcos ó Lár Baile Bhaile Brigín agus ón Stáisiún Iarnróid. Áirítear leis an 280 spás páirceála breise (saor in aisce) sna láithreacha sin saoráidí tiomnaithe cóistí (Brí Mhór), luchtú feithiclí leictreacha, agus spásanna páirceála rothar (lena n-áirítear seastáin chlúdaithe).

2028

8

## LINN SNÁMHA LAISTIGH

Tá linn snámha poiblí a bheidh ar chostas 11 mhilliún le tógáil i mBaile Brigín. Tá Fearann an Chaisleáin suite ciliméadar amháin ó dheas ó Lár Baile Bhaile Brigín. Áireofar sráidbhaile feistis, limistéar fáiltithe a mbeidh caifé aige agus áiléar féachana leis an linn snámha a bheidh 25 mhéadar ar fad agus a mbeidh sé lána aici. Táthar ag súil go gcuirfean an próiseas reachtúil toilithe pleanála don linn snámha nua i gcrích ag deireadh na chéad ráithe den bhliain 2026 agus, faoi réir cistiúcháin, d'fhéadfaí tús a chur leis an tógáil faoin mbliain 2027.

2028

9

## SPÁSANNA ÁINEASA LASMUIGH BHAILE BRIGÍN

Cuireadh trí shuíomh i gcrích: i bPáirc na Linne Muilinn, i bPáirc Bhrí Mhór agus i bPáirc Charlie Moore. Tá cead faighte le haghaidh scéim eile lena suiteáil sa bhliain 2026, a n-áireofar léi leathchúirt Cispheile/Limistéar Ilúsáide Cluichí agus feabhsuithe lasmuigh eile, amhail suíocháin i spás lasmuigh idir Céide an Taoisigh agus Bóthar Mhaigh Lárach. Tá tuilleadh suíomhanna le haghaidh spásanna áineasa do dhaoine óga le sainaitheint sa tréimhse 2027-2028.

2030

10

## TAILTE FORBARTHA TIONSCLAÍCHE (BAILE STIOFÁIN)

Soláthrófar bonneagar bóithre chun freastal ar thailte tionsclaíocha in Eastát Tionsclaíoch Bhaile Stiofáin thar thri chéim (lena n-áirítear Bóthar na hAille/an R122).

2030

11

## CAISLEÁN AGUS PÁIRC RÉIGIÚNACH BHRÍ MHÓR

Is críochnaithe atá na hoibreacha ar thógáil Theach Geata an Chaisleáin agus is chóir a bheith críochnaithe atá an tírdhreachú agus an chóireáil teorann leanúnach, lena n-áirítear ráillí agus cur fála. Is críochnaithe freisin atá oibreacha ar uasghrádú Lána Bell freisin. Táthar ag súil le hoibreacha lena gcumasófar urláir uachtaracha an chaisleáin a oscailt. Is críochnaithe atá an chéad chéim den 'Mhol Áineasa' gníomhach i mBrí Mhór. Leanfar den soláthar sa bhliain 2026 ar chéimeanna eile den Mhol Spóirt agus Áineasa, lena n-áireofar Raon Lúthchleasaíochta, Páirceanna CLG agus Sacair, Cúirteanna Cispheile agus Leadóige, agus saoráidí feistis.

2030

12

## BEALACH CÓSTA FHINE GALL

Beidh Bealach Cósta Fhine Gall ina bhealach siúil agus rotháiochta cósta a bheidh ar ardchaighdeán, sábháilte, tarraingteach agus neamhdhíobháilach don chomhshaol agus lena nascfar Domhnach Bat, an Ros, Loch Sionnaigh, na Sceirí agus Baile Brigín. Leis an nglasbhealach tuaithe agus uirbeach atá beartaithe, rud a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh air i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, spreagfar turasóireacht agus áineas agus tairgfear rogha mhalartach tharraingteach iompair do leanaí scoile agus do chomaitéirí, rud lena soláthrófar mórthairbhí comhshaoil, eacnamaíochta agus sláinte don phobal i gcoitinne.





Is féidir an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn a fháil ar bhonn tráthrialta ag [www.balbriggan.ie](http://www.balbriggan.ie) agus ar ardáin meán sóisialta Ár mBaile Brígin



[WWW.BALBRIGGAN.IE](http://WWW.BALBRIGGAN.IE)

#ourbalbriggan    